Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7548/26**

**SOC 170**
**EMPL 77**
**SAN 173**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair<br>Ceapachán Odeta LEŠINSKAITĖ, comhalta thar ceann na Liotuáine, in ionad Inga RUGINIENĖ atá éirithe as oifig<br>*- Glacadh* |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Inga RUGINIENĖ, éirithe as oifig mar chomhalta den Bhord Bainistíochta thuasluaite i gcatagóir ionadaithe na bhfostaithe (thar ceann na Liotuáine).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle[1], is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha an Bhoird Bainistíochta.

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 58.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá Odeta LEŠINSKAITĖ ainmnithe ag an eagraíocht fostaithe CEC don suíochán sin ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2027.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), mar a leagtar amach in 7549/26 é, a ghlacadh mar mhír 'A', agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.